

AN T-AIFREANN AR AN IOMAIRÉ RUA

Deir Micheál Breathnach, beidh Aifreann dhá rádh ar an Iomaire Rua nuair a thiocfas an cogadh. Tiocfaidh an námhaid chomh fada leis an áit a mbeidh an t-Aifreann dhá rádh. Éireocha na daoine da nglúine ag rith le faithchios. Déarfadh an sagart leofa fanacht agus an t-Aifreann éisteacht. Nuair a bhéadh an t-Aifreann éistithe aca craithfadh an sagart an t-uisce caisric. An méid a bhéas ag an bpobal oireochaidh siad amach agus mara ndearna siad ach slam gainimh a chaitheamh leis an námhaid. Béidh siad ag tuitim rómpa. Ní fhéadfaidh an námhaid a ghul níos fuide.

San Mám 30-4-35.

Bean mhín agus fear borb

a chuir Mac Dé ina luighe sa gcolg.

Tabhair leat cuid den cholg agus cuimil le na bholg é agus béidh sé chomh maith agus bhí sé ariamh.

Tá sgéilín faoi seo aige.

Colann gan cheann

S Mise an Siogaidhe Caol
 Bím ar amuich san Oidhche
 agus teagaim ar cuairt go minic.

F Tá mise i mo shuidheamh ar phunann luachra,
 agus bainfinn an chluas den sionnach.

S Maide caonach ar abhain ars an síogaidhe.

F Fear gan colann gan ceann
 Is dóigh gur choir é a sheachaint,

Tá sgéalta aige faoi seo.